2026/2249

13.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2249 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Deireadh Fómhair 2026

lena ndéantar asbhaintí ón iarracht iascaireachta atá ar fáil don Spáinn in 2026 de dheasca na ró-iascaireachta sa bhliain roimhe sin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 106(1) agus (2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Socraíodh iarrachtaí iascaireachta sa Mheánmhuir Thiar le haghaidh na mblianta 2024, 2025 agus 2026, faoi seach, le Rialacháin (AE) 2024/259 ([2]), (AE) 2025/219 ([3]) agus (AE) 2026/266 ón gComhairle ([4]).

(2) Maidir leis an mbliain iascaireachta 2025, foráiltear le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2025/219 go leagtar amach an uasiarracht iascaireachta incheadaithe le haghaidh trálaer agus báid spiléireachta in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis. Go háirithe, leagtar amach sa tábla i bpointe 1(a) den Iarscríbhinn seo an uasiarracht iascaireachta incheadaithe, ina laethanta iascaireachta, le haghaidh trálaeir i Muir Alboran, ar na hOileáin Bhailéaracha, i dTuaisceart na Spáinne agus i Murascaill an Leoin (Folimistéir gheografacha (FLGanna) 1, 5, 6 agus 7 den Choimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM); (FLGanna) 1, 2, 5, 6 agus 7).

(3) Chun feabhas a chur ar roghnaíocht trealaimh iascaireachta agus ar éifeachtúlacht na limistéar coiscthe chun éisc óga agus sceithirí a chosaint, le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2025/219 bunaítear sásra cúitimh, lena gceadaítear do Bhallstát cionroinnt bhreise laethanta iascaireachta le haghaidh na bliana iascaireachta 2025 a dheonú do shoithí a bhfuil a bhratach ar foluain acu, ar choinníoll go gcomhlíonann an soitheach a fhaigheann an chionroinnt bhreise coinníollacha áirithe. Foráiltear le hAirteagal 8(5) nach ndéanfaidh an Ballstát lena mbaineann laethanta iascaireachta breise a chionroinnt lena sárófaí an leibhéal iarrachta iascaireachta arna shocrú don ghrúpa ábhartha iarrachta iascaireachta i Rialachán (AE) 2024/259.

(4) Maidir leis an mbliain iascaireachta 2024, foráiltear le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2024/259 go leagtar amach an uasiarracht iascaireachta incheadaithe le haghaidh trálaer agus báid spiléireachta in Iarscríbhinn III a ghabhann leis. Go háirithe, leagtar amach sa tábla i bpointe 1(a) den Iarscríbhinn seo an uasiarracht iascaireachta incheadaithe, ina laethanta iascaireachta, le haghaidh trálaeir i Muir Alboran, ar na hOileáin Bhailéaracha, i dTuaisceart na Spáinne agus i Murascaill an Leoin (FLGanna 1, 2, 5, 6 agus 7).

(5) Ionas go gcuirfear chun cinn roghnaíocht trealaimh iascaireachta agus éifeachtúlacht na limistéar coiscthe chun éisc óga agus sceithirí a chosaint, le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2024/259 bunaítear sásra cúitimh, lena gceadaítear do Bhallstát cionroinnt bhreise laethanta iascaireachta le haghaidh na bliana iascaireachta 2024 a dheonú do shoithí a bhfuil a bhratach ar foluain acu, ar choinníoll go gcomhlíonann an soitheach a fhaigheann an chionroinnt bhreise coinníollacha áirithe.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj.
([2]) Rialachán (AE) 2024/259 ón gComhairle an 10 Eanáir 2024 lena socraítear le haghaidh 2024 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L, 2024/259, 11.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/259/oj).
([3]) Rialachán (AE) 2025/219 ón gComhairle an 30 Eanáir 2025 lena socraítear le haghaidh 2025 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L, 2025/219, 4.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/219/oj).
([4]) Rialachán (AE) 2026/266 ón gComhairle an 26 Eanáir 2026 lena socraítear le haghaidh 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L, 2026/266, 30.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/266/oj).

(6) Le ríomhphost dar dáta an 19 Samhain 2025, chuir údaráis na Spáinne an Coimisiún ar an eolas, de réir léirmhíniú na Spáinne ar Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2025/219, gur cheart a áireamh sa teorainn laethanta iascaireachta le haghaidh na bliana iascaireachta 2025 ní hamháin an uasiarracht iascaireachta incheadaithe a socraíodh le haghaidh na bliana iascaireachta 2024 (ar a dtugann an Spáinn 'laethanta tosaigh'), ach an chionroinnt bhreise laethanta iascaireachta a deonaíodh faoin sásra cúitimh le haghaidh 2024 freisin. Mar thoradh air sin, d'iarr an Spáinn ar an gCoimisiún cionroinnt iarrachta iascaireachta na Spáinne le haghaidh 2025 a thabhairt cothrom le dáta in uirlis QUOTA an Choimisiúin ar FIDES.

(7) D'fhreagair an Coimisiún le ríomhphost an 23 Samhain 2025 gur cheart ríomh na laethanta breise a eascraíonn as an sásra cúitimh le haghaidh 2025 a dhéanamh agus Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2025/219 agus Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2024/259 araon á gcur san áireamh, ina dtagraítear don uasiarracht iascaireachta incheadaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach n-áirítear san iarracht iascaireachta a shocraítear i Rialachán (AE) 2024/259 na laethanta breise a deonaíodh faoi shásra cúitimh 2024.

(8) Le Rún an 25 Samhain 2025 ([5]), leasaigh an Spáinn Rún an 10 Deireadh Fómhair 2025, lenar foilsíodh na cainníochtaí a bhí ar fáil faoin sásra cúitimh, agus dheonaigh sí 7 125 lá iascaireachta breise dá cabhlach trálaeireachta sa Mheánmhuir, is é sin thart ar 13 lá iascaireachta in aghaidh an tsoithigh, atá le húsáid roimh dheireadh 2025.

(9) Dá bhrí sin, sheol an Coimisiún litir dar dáta an 1 Nollaig 2025 chuig údaráis na Spáinne inar iarradh orthu mínithe mionsonraithe a thabhairt maidir leis an mbunús dlí a d'úsáid an Spáinn chun na laethanta iascaireachta breise sin a dheonú le haghaidh 2025 trí Rún sin an 25 Samhain. D'athdhearbhaigh an Coimisiún nach n-áirítear sa leibhéal iarrachta iascaireachta a shocraítear i Rialachán (AE) 2024/259 na laethanta breise iascaireachta a deonaíodh faoi shásra cúitimh 2024. Mheabhraigh an Coimisiún don Spáinn freisin, i gcomhréir le hAirteagal 106(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, go gceanglaítear ar an gCoimisiún aon iarracht iascaireachta a cuireadh in úsáid de bhreis ar iarracht iascaireachta 2025 a cionroinneadh ar an Spáinn le haghaidh an stoic lena mbaineann a asbhaint as an iarracht iascaireachta a bhí ar fáil le haghaidh an stoic sin sa bhliain dár gcionn nó sna blianta dár gcionn.

(10) I litir dar dáta an 22 Eanáir 2026, d'fhreagair an Spáinn 'ós rud é go ndearnadh foráil i Rialachán (AE) 2024/259 freisin maidir le sásra cúitimh, ar dá réir a fhéadfaidh na Ballstáit cionroinnt bhreise laethanta iascaireachta suas le 6 % a dheonú, ar choinníoll gur comhlíonadh na coinníollacha a leagadh síos, measfar gurb é an leibhéal iarrachta iascaireachta a shocraítear i Rialachán (AE) 2024/259 an chionroinnt tosaigh móide 6 % (i gcás inar comhlíonadh na coinníollacha), is é sin an t-uasmhéid nach sáróidh cionroinnt bhreise laethanta iascaireachta in 2025 ar bhonn an tsásra cúitimh in Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2025/219.' Mhínigh an Spáinn, 'de bhun Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2025/219, go bhféadfaidh an Ballstát laethanta iascaireachta breise a chionroinnt suas le teorainn an leibhéal iarrachta iascaireachta arna bhunú le (…) Rialachán (AE) 2024/259, ar choinníoll go gcinntear an teorainn sin le cionroinnt tosaigh laethanta iascaireachta, arna mhéadú faoi 6 %, má chomhlíontar coinníollacha áirithe'.

(11) De bhun Airteagal 106(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, i gcás ina bhfuil sé suite ag an gCoimisiún go bhfuil Ballstát tar éis an iarracht iascaireachta a cionroinneadh air a shárú, tá an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann, le hasbhaintí a dhéanamh ón iarracht iascaireachta a chionroinnfear ar an mBallstát sin amach anseo.

(12) Foráiltear le hAirteagal 106(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 go bhfuil na hasbhaintí sin le déanamh sa bhliain dár gcionn nó sna blianta dár gcionn trí fhachtóir iolraithe a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach ann.

([5]) Resolución de 25 de noviembre de 2025, de la Secretaría General de Pesca, por la que se modifica la de 10 de octubre de 2025, por la que se publica para 2025 la cantidad disponible de días de pesca del mecanismo de optimización por buque y grupo de buques de arrastre de fondo del Mediterráneo, https://www.boe.es/diario_boe/txt.php?id=BOE-A-2025-23990.

(13) Tar éis measúnú a dhéanamh ar ró-úsáid deiseanna iascaireachta ag an Spáinn i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2196 ón gCoimisiún ([6]), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur sháraigh an Spáinn an iarracht iascaireachta a bhí ar fáil di de réir na gcainníochtaí seo a leanas:

— 520,5 lá iascaireachta le haghaidh trálaeir atá idir 12 mhéadar agus 18 méadar ar a bhfad foriomlán (EFF1/MED1_TR2) a dhíríonn ar an milléad dearg in FLGanna 1, 5, 6 agus 7, ar an gcolmóir Eorpach in FLGanna 1, 5, 6 agus 7, ar an rós-séacla domhainmhara in FLGanna 1, 5 agus 6, agus ar ghliomach na hIorua in FLGanna 5 agus 6;

— 2 127,5 lá iascaireachta le haghaidh trálaeir atá idir 18 méadar agus 24 mhéadar ar a bhfad foriomlán (EFF1/MED1_TR3) a dhíríonn ar na speicis chéanna sna limistéir chéanna thuas;

— 149,5 lá iascaireachta le haghaidh trálaeir atá 24 méadar a bhfad foriomlán (EFF1/MED1_TR4) a dhíríonn ar na speicis chéanna sna limistéir chéanna thuas;

— 170,5 lá iascaireachta le haghaidh trálaeir atá 24 mhéadar nó níos mó a bhfad foriomlán (EFF2/MED1_TR4) a dhíríonn ar an séacla gorm agus dearg in FLGanna 1, 2, 5, 6 agus 7.

(14) Le ríomhphost an 30 Márta 2026, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle go neamhfhoirmiúil leis an Spáinn maidir leis na hasbhaintí atá le déanamh ón iarracht iascaireachta atá ar fáil don Spáinn in 2026 de dheasca na ró-iascaireachta in 2025. D'fhreagair an Spáinn le ríomhphost an 7 Aibreán 2026 nach bhféadfadh sí aontú leis na hasbhaintí a bhí beartaithe ós rud é nár thuairiscigh an Spáinn aon bharrachas iarracht iascaireachta a cuireadh in úsáid in aon roinn chabhlaigh le haghaidh 2025. Ina freagra, thagair an Spáinn don litir thuasluaite dar dáta an 22 Eanáir 2026, inar áitigh sí nár cheart na laethanta breise a fhéadfaidh Ballstát a chionroinnt de bhun Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2025/219 le haghaidh 2025 a bheith níos mó ná an líon laethanta iarrachta iascaireachta tosaigh arna mbunú le Rialachán (AE) 2024/259 le haghaidh 2024 arna méadú faoi 6 % mar thoradh ar an sásra cúitimh le haghaidh 2024, dá gcomhlíonfaí coinníollacha áirithe.

(15) De bhun Airteagal 106(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle go foirmiúil leis an Spáinn i litir dar dáta an 11 Meitheamh 2026. D'athdhearbhaigh an Coimisiún go bhfuil sé ar intinn aige asbhaintí a chur i bhfeidhm maidir leis an iarracht iascaireachta a cionroinneadh ar an Spáinn in 2026. Mhínigh an Coimisiún sa litir sin go bhfuil ríomhanna na ró-iascaireachta bunaithe ar an iarracht iascaireachta oiriúnaithe, a chomhfhreagraíonn don iarracht iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2025/219 lena gcuirtear laethanta iascaireachta breise a d'fhéadfadh a bheith ann agus a chionroinntear i gcomhréir le hAirteagal 8(1) den Rialachán céanna gan an leibhéal iarrachta iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 8(5) a shárú, aistriú deiseanna iascaireachta a d'fhéadfadh a bheith ann i gcomhréir le hAirteagal 9(3) de Rialachán (AE) 2019/1022, malartuithe deiseanna iascaireachta i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, chomh maith le hasbhaintí deiseanna iascaireachta i gcomhréir le hAirteagal 106 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

(16) Thug an Spáinn freagra an 24 Meitheamh 2026 inar chuir sí in aghaidh barrachas iarrachta iascaireachta a cuireadh in úsáid, ós rud é 'nach mór an líon uasta laethanta iascaireachta a fhéadfar a chionroinnt le linn na bliana iascaireachta 2025 a ríomh faoi threoir shuim na laethanta a cionroinneadh ar dtús agus na laethanta a eascraíonn as an sásra cúitimh is infheidhme maidir le 2024.'

(17) Measann an Coimisiún go bhfuil cinneadh na Spáinne maidir le laethanta iascaireachta breise a dheonú le haghaidh 2025 bunaithe ar léirmhíniú mícheart ar Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2025/219, lena gceanglaítear ar na Ballstáit gan laethanta iascaireachta breise a chionroinnt a mbeadh sárú ar an leibhéal iarrachta iascaireachta a socraíodh le haghaidh an ghrúpa ábhartha iarrachta iascaireachta i Rialachán (AE) 2024/259 mar thoradh orthu. Tá an fhoráil sin le léamh i gcomhar le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2024/259, ar dá bhun a leagtar amach an uasiarracht iascaireachta incheadaithe in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo. Leagtar amach san Iarscríbhinn seo leibhéal sonrach iarrachta iascaireachta le haghaidh trálaer agus báid spiléireachta, i dtaca le laethanta iascaireachta, i gcás gach grúpa iarrachta iascaireachta. Is é an toradh atá air sin nach n-áirítear sa leibhéal iarrachta iascaireachta a shocraítear le Rialachán (AE) 2024/259, dá dtagraítear in Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2025/219, na laethanta iascaireachta breise a deonaíodh faoin sásra cúitimh le haghaidh 2024 ós rud é nach socraítear na laethanta sin i Rialachán (AE) 2024/259 ach go mbraitheann siad ar an úsáid a bhaineann na Ballstáit, go páirteach nó go hiomlán, as an sásra cúitimh sin.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2196 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2025 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le rochtain ar uiscí agus acmhainní, rialú ar iascach, faireachas, cigireacht agus forfheidhmiú, asbhaint cuótaí agus iarrachtaí iascaireachta, sonraí agus faisnéis, agus lena n aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún (IO L, 2025/2196, 12.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2196/oj).

(18) Cuireadh an Spáinn ar an eolas trí ríomhphost cláraithe a seoladh an 22 Meán Fómhair 2026 go gcoinníonn an Coimisiún a sheasamh ar bun a mhéid a bhaineann le léirmhíniú Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2025/219.

(19) Dá bhrí sin, ba cheart asbhaintí a oibriú ón iarracht iascaireachta atá ar fáil don Spáinn in 2026 as an iarracht iascaireachta a sáraíodh sna limistéir iascaireachta agus san iascach lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 106(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

(20) Féadfar tuilleadh uasdátuithe nó ceartúchán a dhéanamh fós i ndiaidh earráidí, easnaimh nó míthuairisciú a bhrath, i gcás na gcleachtaí asbhainte atá ann faoi láthair nó na gcleachtaí asbhainte roimhe seo, sna sonraí maidir leis an iarracht iascaireachta a cuireadh in úsáid arna ndearbhú ag an Spáinn de bhun Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Laghdófar an iarracht iascaireachta a socraíodh le haghaidh 2026 i Rialachán (AE) 2026/266 de réir na n-asbhaintí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

ASBHAINTÍ ÓN IARRACHT IASCAIREACHTA LE hAGHAIDH 2026 I LEITH NA STOC A nDEARNADH RÓ-IASCAIREACHT ORTHU

Ballstát	Cód an ghrúpa iarrachta iascaireachta	Stocghrúpa	Fad an tsoithigh	An cineál soithigh	Laethanta iarrachta iascaireachta tosaigh arna gcomhroinnt le haghaidh 2025 (ina laethanta iascaireachta)	Iarracht iascaireachta oiriúnaithe le haghaidh 2025 [1] (ina laethanta iascaireachta)	Iarracht iascaireachta iomlán a rinneadh in 2025 (ina laethanta iascaireachta)	Glacadh iarrachta in 2025 (mar %)	Ró-iascaireacht a bhaineann le hiarracht iascaireachta oiriúnaithe in 2025 (ina laethanta iascaireachta)	Fachtóir iolraithe [2]	Asbhaint le cur i bhfeidhm maidir leis an gcionroinnt iarrachta iascaireachta le haghaidh 2026 (ina laethanta iascaireachta)
ES	EFF1/MED1_TR2 lena n-áirítear cionrannta breise faoi EFF1/MED1_TR2_AA [3]	Lannaigh riabhacha in FLGanna 1, 5, 6 agus 7; colmóirí eorpacha in FLGanna 1, 5, 6 agus 7; rós-séaclaí domhainmhara in FLGanna 1, 5 agus 6; gliomaigh na hIorua in FLGanna 5 agus 6.	≥ 12 m agus < 18 m	Trálaeir	3 400	16 189	16 709,500	103,22 %	520,500	1,0	520,500
ES	EFF1/MED1_TR3 lena n-áirítear cionrannta breise EFF1/MED1_TR3_AA [3]	Lannaigh riabhacha in FLGanna 1, 5, 6 agus 7; colmóirí eorpacha in FLGanna 1, 5, 6 agus 7; rós-séaclaí domhainmhara in FLGanna 1, 5 agus 6; gliomaigh na hIorua in FLGanna 5 agus 6.	≥ 18 m agus < 24 m	Trálaeir	6 379	30 375	32 502,500	107,00 %	2 127,500	1,0	2 127,500
ES	EFF1/MED1_TR4 lena n-áirítear cionrannta breise faoi EFF1/MED1_TR4_AA [3]	Lannaigh riabhacha in FLGanna 1, 5, 6 agus 7; colmóirí eorpacha in FLGanna 1, 5, 6 agus 7; rós-séaclaí domhainmhara in FLGanna 1, 5 agus 6; gliomaigh na hIorua in FLGanna 5 agus 6.	≥ 24 m	Trálaeir	2 247	10 698	10 847,500	101,40 %	149,500	1,0	149,500

Ballstát	Cód an ghrúpa iarrachta iascaireachta	Stocghrúpa	Fad an tsoithigh	An cineál soithigh	Laethanta iarrachta iascaireachta tosaigh arna gcomhroinnt le haghaidh 2025 (ina laethanta iascaireachta)	Iarracht iascaireachta oiriúnaithe le haghaidh 2025 (1) (ina laethanta iascaireachta)	Iarracht iascaireachta iomlán a rinneadh in 2025 (ina laethanta iascaireachta)	Glacadh iarrachta in 2025 (mar %)	Ró-iascaireacht a bhaineann le hiarracht iascaireachta oiriúnaithe in 2025 (ina laethanta iascaireachta)	Fachtóir iolraithe (2)	Asbhaint le cur i bhfeidhm maidir leis an gcionroinnt iarrachta iascaireachta le haghaidh 2026 (ina laethanta iascaireachta)
ES	EFF2/MED1_TR4 lena n-áirítear cionrannta breise faoi EFF2/MED1_TR4_AA (3)	Séaclaí gorma agus dearga in FLGanna 1, 2, 5, 6 agus 7	≥ 24 m	Trálaeir	1 297	6 173	6 343,500	102,76 %	170,500	1,0	170,500

(1) Iarracht atá ar fáil do Bhallstát de bhun an Rialacháin ábhartha maidir le deiseanna iascaireachta tar éis laethanta iascaireachta breise a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2025/219 ón gComhairle an 30 Eanáir 2025 lena socraítear le haghaidh 2025 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh, aistriú féideartha deiseanna iascaireachta i gcomhréir le hAirteagal 9(3) de Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil le haghaidh an iascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 (IO L 172, 26.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1022/2019-08-14), malartuithe deiseanna iascaireachta a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj), chomh maith le deiseanna iascaireachta a asbhaint i gcomhréir le hAirteagal 106 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

(2) De réir mar a leagtar amach in Airteagal 106(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

(3) Mar a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2025/219.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2249/oj